Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12614/19

LIMITE

SOC 643
EMPL 488
ILO 5
ONU 100

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12415/19 |
| Ábhar: | Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach<br>– Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le "Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach".

2. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta agus comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, cuireadh méid breise isteach i mír 3 mar léiriú ar Rún 73/342 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe arna ghlacadh ar an 20 Meán Fómhair 2019.

3. Iarrtar ort a thabhairt do d'aire go ndearnadh na míreanna a ath-uimhriú le hais 12415/19 agus go bhfuil na hathruithe a rinneadh i míreanna 3 agus 19 marcáilte i g**<u>cló trom le líne fúthu</u>**.

4. Iarrtar ar an gCoiste an téacs a fhormheas agus na dréachtchonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí lena nglacadh.

**Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Is é is aidhm don Aontas Eorpach, *inter alia,* an tsíocháin agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn, agus oibriú chun geilleagar sóisialta margaidh a chur ar bun a bhfuil iomaíocht ghéar ann agus atá dírithe ar an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta a bhaint amach, lena n-áirítear tríd an idirphlé sóisialta atá cumhdaithe i dTeideal X den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a aithint agus a chur chun cinn.
2. Is cuid dhílis de Chonarthaí an Aontais Eorpaigh agus den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad na luachanna seo a leanas: an ceartas sóisialta, an comhionannas deiseanna, an dlúthpháirtíocht agus an urraim ar chearta an duine, agus is gnéithe tábhachtacha de bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais iad freisin.
3. Tá ag an Aontas Eorpach na luachanna, na prionsabail agus na cuspóirí céanna agus atá ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) mar a leagtar amach i mBunreacht EIS[1] agus i nDearbhú Philadelphia (1944)[2] iad, mar aon leis na spriocanna agus na gealltanais a leagtar amach i nDearbhú 1998 maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair[3], i nDearbhú 2008 maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom[4], agus le déanaí i nDearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre 2019[5] **ar chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe fáilte roimhe freisin**[6].

---

1 www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=1000:62:0::NO:62:P62_LIST_ENTRIE_ID:2453907:NO.

2 "Dearbhú EIS maidir le haidhmeanna agus cuspóirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Dearbhú Philadelphia)", arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair sa 26ú seisiún di, Philadelphia, an 10 Bealtaine 1944.

3 "Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair", arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair san 86ú seisiún di, an Ghinéiv, an 18 Meitheamh 1998.

4 "Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom", arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair sa 97ú seisiún di, an Ghinéiv, an 10 Meitheamh 2008.

5 "Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre", arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair sa 108ú seisiún di, an Ghinéiv, an 21 Meitheamh 2019.

6 **Rún 73/342 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Meán Fómhair 2019 i dtaca le Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Todhchaí na hOibre.**

4. Déanann EIS idirphlé sóisialta trípháirteach agus idirphlé idir oibrithe agus fostóirí a chur chun cinn. Ina theannta sin, cumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an comhar a chothú idir na Ballstáit maidir leis an gcómhargáil agus tacú le hidirphlé sóisialta agus comhairliúcháin thrípháirteacha.

5. Tá cur chun feidhme na gcaighdeán saothair idirnáisiúnta, agus na bprionsabal agus na gceart bunúsach san obair, á gcur chun cinn ag an Aontas Eorpach ar fud an domhain, *inter alia* trí chomhaontuithe trádála agus comhaontuithe eile, agus trí shocruithe trádála aontaobhacha de chuid an Aontais amhail Scéim speisialta AE na bhFabhar Ginearálaithe.

6. Tá an tAontas tiomanta d'obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn mar a leagtar síos i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.

7. Treoir is ea Colún Eorpach na gCeart Sóisialta don Aontas Eorpach gona Bhallstát maidir le torthaí éifeachtacha fostaíochta agus sóisialta a bhaint amach agus iad ag freagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

8. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019 maidir le Clár Oibre Straitéiseach don Aontas[7], iarradh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún obair a thabhairt chun cinn ar na dálaí, ar na dreasachtaí agus ar an gcreat cumasúcháin atá le cur ar bun chun aistriú chuig Aontas Eorpach aeráidneodrach a áirithiú i gcomhréir le Comhaontú Pháras, a chaomhnóidh iomaíochas na hEorpa agus a bheidh, san am céanna, cóir agus cothrom ó thaobh cúrsaí sóisialta de.

Á n-AITHINT DI NA NITHE SEO A LEANAS:

9. I rith an chéid seo caite, chuidigh EIS, agus a shainordú bunreachtúil á shaothrú aige, le corraíl shóisialta a mhaolú agus, dá bharr sin, tá ceartas sóisialta níos fearr ann anois ar bhonn caighdeáin saothair idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta a chur chun cinn.

[7] EUCO 9/19.

10. Tá saol na hoibre ag athrú ar luas nach bhfacthas riamh roimhe seo, go háirithe i ngeall ar athruithe déimeagrafacha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus i ngeall ar an domhandú, agus i ngeall ar athruithe eile, amhail an méadú ar an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta saothair. Is dúshláin dhomhanda iad cuid mhór de na dúshláin sin agus, ar an ábhar sin, ní mór fís dhomhanda a bheith ann maidir le todhchaí na hoibre.

11. Tá sé tábhachtach freagairt ar an athrú atá ag teacht ar shaol na hoibre, oibrithe a chosaint go héifeachtach agus, san am céanna, riachtanais fiontar a chur san áireamh. Chuige sin, ba cheart na caighdeáin saothair a bheith soiléir daingean agus a choinneáil cothrom le dáta.

12. Is den riachtanas é córas maoirseachta éifeachtach EIS a bheith ann chun an ceartas sóisialta agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn ar fud an domhain.

Á dTABHAIRT DÁ hAIRE DI NA NITHE SEO A LEANAS:

13. Na moltaí beartais ó Choimisiún Dhomhanda EIS maidir le Todhchaí na hOibre ina thuarascáil dar teideal *Work for a Brighter Future*[8] (Ag Obair ar mhaithe le Todhchaí Níos Fearr). Áirítear orthu sin infheistíocht a mhéadú i gcumais daoine agus in institiúidí na hoibre agus obair chuibhiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Leis na moltaí, leagtar béim freisin ar an ról atá ag EIS san ailtireacht iltaobhach.

AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DI:

14. Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre 2019; agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI, AGUS É MAR DHÍOL SÁSAIMH DI, an cur chuige daonlárnach atá ag an Dearbhú agus an chaoi a dtugann sé treoir don domhan uile maidir le todhchaí na hoibre a mhúnlú trí aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhleanúnach comhtháite, ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le saol oibre atá ag athrú.

15. An t-aitheantas gur gné bhunúsach den obair chuibhiúil iad dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla.

[8] https://www.ilo.org/infostories/en-GB/Campaigns/future-work/global-commission#agenda.

MOLANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

DO NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

16. Leanúint dá gcuid iarrachtaí coinbhinsiúin agus prótacail EIS a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm, mar rannchuidiú nithiúil chun feabhas a chur ar dhaingniú agus ar chur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin ar fud an domhain.

17. Dlús a chur le hiarrachtaí spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, todhchaí oibre atá cothrom, cuimsitheach agus slán do chách a mhúnlú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, cur le hiarrachtaí agus beart iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le Dearbhú Céad Bliain EIS chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

18. Coinbhinsiúin, prótacail agus moltaí EIS a chur chun cinn, go háirithe na cinn sin maidir le cearta bunúsacha ag an obair, atá cothrom le dáta de réir aicmiú EIS agus, ar an gcaoi sin, dálaí cothroma oibre do chách a fheabhsú.

19. Agus an ról tábhachtach atá ag fiontair ilnáisiúnta á chur san áireamh, bainistiú freagrach a spreagadh agus a chothú i slabhraí soláthair domhanda, lena n-áirítear trí fhreagracht shóisialta chorparáideach, trí dhícheall cuí a dhéanamh i ndáil le cearta an duine[9], agus trí obair chuibhiúil agus cosaint shóisialta agus cosaint saothair a chur chun cinn. An méid a bhfuiltear ag súil leis ó fhiontair a chur in iúl maidir le hiompar freagrach sa ghnó agus a mheas an bhfuil gá le bearta sonracha **<u>mura gcomhlíontar na hionchais sin ar bhealach iomchuí.</u>**

[9] I gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine 2011, agus Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an cúigiú heagrán, 2017.

20. Tacú le timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt le haghaidh fiontraíochta agus fiontair inbhuanaithe, go háirithe micrifhiontair, mar aon le fiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le comharchumainn agus an geilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta chun obair chuibhiúil, fostaíocht tháirgiúil agus caighdeáin mhaireachtála níos fearr a chur ar fáil do chách.

21. Na bearta riachtanacha a dhéanamh chun saothar leanaí agus saothar éignithe a dhíothú, mar aon le foréigean agus ciapadh i saol na hoibre.

22. Deimhin a dhéanamh de go ndéanfar prionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe a urramú go hiomlán. Dlús a chur le hiarrachtaí chun comhionannas inscne a bhaint amach sa saol oibre trí chomhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a áirithiú, lena n-áirítear luach saothair comhionann ar obair ar comhionann a luach, chomh maith le rochtain chothrom ar phoist chinnteoireachta. Timpeallacht chumasúcháin a chruthú le go ndéanfar freagrachtaí an teaghlaigh a chomhroinnt go cothrom agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach do chách, lena n-áirítear trí infheistíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an chúraim.

23. Deimhin a dhéanamh de go mbeidh comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann ann do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine leochaileacha i saol na hoibre.

24. Lánpháirtiú éifeachtach daoine óga i saol na hoibre a éascú, agus aosú gníomhach oibrithe scothaosta a chumasú.

25. Tacú leis na hiarrachtaí chun an ceart maidir le dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla a chomhtháthú sa chreat EIS maidir le phrionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha san obair.

26. Cur le hiarrachtaí chun aistriú cóir cothrom a áirithiú chuig todhchaí oibre atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de lena ndéanfar cineálacha neamhionannais a laghdú. Chuige sin, i measc iarrachtaí eile, tacú le forbairt scileanna agus foghlaim leanúnach ar feadh an tsaoil agus le haistrithe daoine le linn a saoil oibre agus a áirithiú go mbeidh na córais oideachais agus oiliúna in ann freagairt ar riachtanais an mhargaidh saothair agus, san am céanna, go gcuirfear le forbairt phearsanta an duine aonair.

27. Córais cosanta sóisialta a fheabhsú, i gcás inarb iomchuí, do gach oibrí agus gach duine féinfhostaithe, ionas go mbeidh siad leordhóthanach, inbhuanaithe agus inrochtana. Cosaint shóisialta agus saothair a chur in oiriúint d'fhorbairtí i saol na hoibre.

28. Na hinstitiúidí oibre a neartú, go háirithe riarachán saothair agus cigireacht saothair, agus cur chun feidhme éifeachtach na gcaighdeán saothair idirnáisiúnta a chur chun cinn chun gach oibrí a chosaint, lena n-áirítear sna cineálacha nua oibre, agus an t-aistriú ó gheilleagar neamhfhoirmiúil go geilleagar foirmiúil a chur chun cinn freisin. Príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta iomchuí a áirithiú, agus freagairt, i gcás inarb iomchuí, ar dhúshláin agus deiseanna, go háirithe maidir le claochlú digiteach na hoibre, lena n-áirítear obair ardáin.

29. D'fhonn cur chuige daonlárnach do thodhchaí na hoibre a bhaint amach, obair chuibhiúil a chur chun cinn trí chomhtháthú beartais a áirithiú sa chóras iltaobhach, lena n-áirítear i mbeartais eacnamaíocha, fostaíochta, shóisialta, chomhshaoil, trádála agus thionsclaíocha, agus sa chomhar um fhorbairt.

30. Idirphlé sóisialta a fheabhsú ar gach leibhéal, agus ina fhoirmeacha uile, lena n-áirítear comhar trasteorann, chun rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú maidir le todhchaí na hoibre a mhúnlú agus chun ceartas sóisialta a thógáil, lena n-áirítear trí aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart chun cómhargála agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an íosphá atá leordhóthanach, cibé acu reachtúil nó caibidlithe.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:

31. An teachtaireacht uaidh in 2006 dar teideal *Promoting decent work for all – the EU contribution to the implementation of the decent work agenda in the world* (Obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn – rannchuidiú an Aontais Eorpaigh le clár oibre cuibhiúil a chur chun feidhme ar fud an domhain) a nuashonrú i bhfianaise Dhearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre, Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Tagairtí**

**1. An tAontas Eorpach**

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10)
- The New European Consensus on Development: "Our World, Our Dignity, Our Future" (an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt: "Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí"), (IO C 210, 30.6.2017, lch. 1).

**<u>Conclúidí ábhartha ón gComhairle</u>**

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an obair chuibhiúil do chách (15496/06)
- Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020: Ag oiriúnú do dhúshláin nua – Conclúidí ón gComhairle (7013/15)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta i ndáil le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2015-2019 (10897/15)
- Beartas trádála agus infheistíochta an Aontais Eorpaigh – Conclúidí ón gComhairle (14708/15)
- An tAontas Eorpach agus slabhraí luacha domhanda atá freagrach – Conclúidí ón gComhairle (8833/16)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le gnó agus cearta an duine (10254/16)
- Tús nua le haghaidh idirphlé láidir sóisialta – Conclúidí ón gComhairle (10449/16)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le saothar leanaí (10244/16)
- Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais Eorpaigh ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe – Conclúidí ón gComhairle (10370/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre: An ríomhobair a éascú (15506/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga agus todhchaí na hoibre (8754/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le saol oibre atá ag athrú: Smaointe maidir le cineálacha nua oibre agus na himpleachtaí do shábháilteacht agus sláinte oibrithe (10354/19)

## 2. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair

**Dearbhuithe EIS:**

- Dearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre 2019
- An Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an cúigiú heagrán, 2017
- Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, 1998; iarscríbhinn athbhreithnithe in 2010
- Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom, 2008
- Dearbhú Philadelphia (EIS), 1944

**Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS:**

Saoirse comhlachais agus cómhargáil

- Coinbhinsiún 87: Saoirse comhlachais agus cosaint an chirt eagrúcháin, 1948
- Coinbhinsiún 98: An ceart eagrúcháin agus cómhargáil, 1949

Saothar éignithe agus éigeantach a dhíothú

- Coinbhinsiún 29: an Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais nó Éigeantach, 1930
- Prótacal 29, 2014, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais nó Éigeantach, 1930
- Coinbhinsiún 105: Saothar éigeantach a chur ar ceal, 1957

Idirdhealú i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha a dhíothú

- Coinbhinsiún 100: an Coinbhinsiún maidir le luach saothair comhionann, 1951
- Coinbhinsiún 111: an Coinbhinsiún maidir le hidirdhealú (i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha), 1958

Saothar leanaí a chur ar ceal

- Coinbhinsiún 138: an Coinbhinsiún maidir leis an aois íosta, 1973
- Coinbhinsiún 182: an Coinbhinsiún maidir leis na cineálacha is measa de shaothar leanaí, 1999

**Coinbhinsiúin rialachais EIS:**

- Coinbhinsiún 81: an Coinbhinsiún maidir le cigireacht saothair, 1947
- Coinbhinsiún 122: an Coinbhinsiún maidir le beartas fostaíochta, 1964
- Coinbhinsiún 129: an Coinbhinsiún maidir le cigireacht saothair (Talmhaíocht), 1969
- Coinbhinsiún 144: an Coinbhinsiún maidir le comhairliúcháin thrípháirteacha (Caighdeáin Saothair Idirnáisiúnta), 1976

**Coinbhinsiúin ábhartha eile EIS:**

- Coinbhinsiún 155: an Coinbhinsiún maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde, 1981
- Coinbhinsiún 187: an Coinbhinsiún maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde, 2006
- Coinbhinsiún 190: Foréigean agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre, 2019

Liosta de choinbhinsiúin agus moltaí EIS atá cothrom le dáta de réir aicmiú EIS, 2019: https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=1000:12020:::NO